II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

CINNEADH (AE) 2022/1206 ÓN gCOMHAIRLE

an 12 Iúil 2022

maidir le haontachas an Aontais Eorpaigh leis an gCoinbhinsiún maidir le Breithiúnais Eachtracha in Ábhair Shibhialta nó Thráchtála a Aithint agus a Fhorfheidhmiú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 81(2), pointe (a), agus Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tugadh an Coinbhinsiún maidir le Breithiúnais Eachtracha in Ábhair Shibhialta nó Thráchtála a Aithint agus a Fhorfheidhmiú ("an Coinbhinsiún") i gcrích faoi choimirce Chomhdháil na Háige um an Dlí Idirnáisiúnta Príobháideach an 2 Iúil 2019.

(2) Leis an gCoinbhinsiún, féachtar le rochtain ar cheartas a chur chun cinn ar fud an domhain trí chomhar breithiúnach idirnáisiúnta feabhsaithe. Féachtar, go háirithe, leis an gCoinbhinsiún, leis na rioscaí agus na costais a bhaineann le dlíthíocht trasteorann agus réiteach díospóidí a laghdú agus, mar thoradh air sin, le trádáil, infheistíocht, agus soghluaisteacht idirnáisiúnta a éascú.

(3) Ghlac an tAontas páirt ghníomhach sa chaibidlíocht roimh ghlacadh an Choinbhinsiúin agus roinneann sé a chuid spriocanna.

(4) Faoi láthair, de cheal creat cuimsitheach idirnáisiúnta chun breithiúnais eachtracha in ábhair shibhialta agus thráchtála a aithint agus a fhorfheidhmiú, tá timpeallacht dhlíthiúil scaipthe os comhair shaoránaigh agus gnólachtaí an Aontais atá ag iarraidh go ndéanfaí breithiúnas a tugadh san Aontas a aithint agus a fhorfheidhmiú i dtír nach Ballstát den Aontas í. Tá méadú tagtha ar na rioscaí dlíthiúla do shaoránaigh agus gnólachtaí an Aontais mar thoradh ar an bhfás atá ann sa trádáil idirnáisiúnta agus sna sreabha infheistíochta.

(5) Ba cheart aghaidh a thabhairt ar an staid seo trí chóras intuartha trasteorann le haghaidh aithint agus forfheidhmiú breithiúnas in ábhair shibhialta nó thráchtála a bhunú. Ní féidir na cuspóirí sin a bhaint amach ach amháin trí chloí le córas aitheanta agus forfheidhmithe fhrithpháirtigh breithiúnas i measc Stát, amhail an córas a glacadh sa Choinbhinsiún. Ag an tráth céanna, ní cheadófaí, leis an gCoinbhinsiún, d'aithint ná d'fhorfheidhmiú breithiúnas tríú tíortha san Aontas, ach amháin i gcásanna ina n-urramaítear prionsabail bhunúsacha dhlí an Aontais.

(6) De bhun Airteagal 26 den Choinbhinsiún, féadfaidh eagraíochtaí réigiúnacha um chomhtháthú eacnamaíochta a bhfuil an inniúlacht acu maidir le roinnt de na hábhair nó leis na hábhair go léir atá faoi rialú ag an gCoinbhinsiún, amhail an tAontas, an Coinbhinsiún a shíniú, a ghlacadh, a fhormheas agus aontú leis.

([1]) Toiliú an 23 Meitheamh 2022 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

(7) De bhun Airteagal 3(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), tá an inniúlacht eisiach ag an Aontas comhaontú idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích a mhéid ar dóigh dá thabhairt i gcrích difear a dhéanamh do chomhrialacha nó a raon feidhme a athrú. Déanann an Coinbhinsiún difear do reachtaíocht an Aontais, go háirithe Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]). Dá bhrí sin, tá inniúlacht eisiach ag an Aontas sna hábhair uile atá faoi rialú ag an gCoinbhinsiún.

(8) De bhun Airteagal 24(3) agus Airteagal 28 den Choinbhinsiún, féadfar aontú leis an gCoinbhinsiún sula dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

(9) Ba cheart, dá bhrí sin, don Aontas aontú leis an gCoinbhinsiún.

(10) Agus é ag aontú leis an gCoinbhinsiún, ba cheart don Aontas a dhearbhú, i gcomhréir le hAirteagal 27 den Choinbhinsiún, go bhfeidhmíonn sé inniúlacht maidir leis na hábhair uile atá faoi rialú ag an gCoinbhinsiúin. Dá thoradh sin, bheadh na Ballstáit faoi cheangal ag an gCoinbhinsiún de bhua aontachas an Aontais leis.

(11) I gcásanna a bhaineann le léasanna neamhchónaithe (tionóntachtaí), tugtar le Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 dlínse eisiach do chúirteanna i mBallstát ina bhfuil an mhaoin dhochorraithe lonnaithe. Níl rialacha dlínse eisiacha den sórt sin maidir le tionóntachtaí neamhchónaithe ar áireamh sa Choinbhinsiún. Dá bhrí sin, agus é ag aontú leis an gCoinbhinsiún, ba cheart don Aontas a dhearbhú, i gcomhréir le hAirteagal 18 den Choinbhinsiún, nach gcuirfidh sé an Coinbhinsiún i bhfeidhm maidir le léasanna neamhchónaithe (tionóntachtaí) ar mhaoin dhochorraithe atá suite san Aontas.

(12) Tá Éire faoi cheangal ag Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 agus, dá bhrí sin, tá sí rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo.

(13) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Formheastar leis seo, thar ceann an Aontais, aontachas an Aontais Eorpaigh leis an gCoinbhinsiún maidir le Breithiúnais Eachtracha in Ábhair Shibhialta nó Thráchtála a Aithint agus a Fhorfheidhmiú. ([3])

Airteagal 2

Ainmneoidh Uachtarán na Comhairle an duine (na daoine) ar a dtugtar an chumhacht, thar ceann an Aontais, an ionstraim aontachais dá dtagraítear in Airteagal 24(4) den Choinbhinsiún ("an ionstraim") a thaisceadh.

Airteagal 3

Agus an ionstraim á taisceadh aige, déanfaidh an tAontas an dearbhú seo a leanas i gcomhréir le hAirteagal 27(1) den Choinbhinsiún:

"Dearbhaíonn an tAontas Eorpach, i gcomhréir le hAirteagal 27(1) den Choinbhinsiún, go bhfeidhmíonn sé inniúlacht ar na hábhair uile atá faoi rialú ag an gCoinbhinsiún seo. Ní dhéanfaidh a Bhallstáit an Coinbhinsiún a shíniú, a dhaingniú ná a fhormheas, agus ní ghlacfaidh siad leis, ach beidh siad faoi cheangal ag an gCoinbhinsiún de bhua aontachas an Aontais leis.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (IO L 351, 20.12.2012, lch. 1).

([3]) Féach leathanach 4 den Iris Oifigiúil seo.

Chun críche an dearbhaithe seo, níl Ríocht na Danmhairge san áireamh sa téarma 'An tAontas Eorpach' de bhua Airteagal 1 agus Airteagal 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, a ghabhann leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.".

Airteagal 4

Agus an ionstraim á taisceadh aige, déanfaidh an tAontas an dearbhú seo a leanas, i gcomhréir le hAirteagal 18 den Choinbhinsiún, a bhaineann le léasanna neamhchónaithe (tionóntachtaí) ar mhaoin dhochorraithe:

"Dearbhaíonn an tAontas Eorpach, i gcomhréir le hAirteagal 18 den Choinbhinsiún, nach gcuirfidh sé an Coinbhinsiún i bhfeidhm maidir le léasanna neamhchónaithe (tionóntachtaí) ar mhaoin dhochorraithe atá suite san Aontas Eorpach.".

Airteagal 5

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha ([4]).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12 Iúil 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
Z. STANJURA

([4]) Déanfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Choinbhinsiúin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.